

Cód Iompair

Gaelscoil Charraig Uí Leighin

Ráiteas tosaigh

Tá Bord Bainistíochta Gaelscoil Charraig Uí Leighin tar éis glacadh leis an gCód Iompair seo de réir na gcoinníollacha leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta sa chiorclán 20/90, de réir Riail 130 de Rialacha na mBunscoileanna agus an tAcht Oideachais (Leas), 2000, Alt 23 (1)(3) a dhéanann tagairt *don dualgas atá ar scoileanna cód iompair a ullmhú i leith na mac léinn atá cláraithe sa scoil*, ag tabhairt áird faoi leith de riachtanais na scoile agus an pobal i gcoitinne. Inár scoil, caithimid leis na leanaí uile agus le baill phobail na scoile, le meas agus dínit.

Ráiteas Scoile:

Is gnéith ríthábhachtah do shaol na scoile an t-iompar a bhíonn le feiceáil agus le sonrú sa saol laethúil scoile. Cabhraíonn an cód iompair le h-atmaisféar dearfach a chothú agus a shníomh trí gach snáth den scoil, chun go mbeidh ar chumas ár múinteoirí múineadh go héifeachtach agus go mbeidh deiseanna oiriúnacha foghlama curtha ar fáil do gach leanbh, le go mbeidh ar a gcumas foghlaim a dhéanamh mar is dual dó/dí.

Eascrann an cód seo ón ngá atá le dea-riar, dea-iompar agus dea-bhéasa a chothú sa timpeallacht scoile agus i measc an phobail le cabhrú leis an bpróiseas foghlama. Caithfidh comhaontas láidir a bheith ann i measc phobal na scoile go léir chun árd chaighdeán iompar a bhaint amach sa scoil. Tá an scoil ag súil le comh oibriú láidir idir an scoil agus an baile leis an gcód seo a chur i bhfeidhm

Déanfaidh an Bord Bainistíochta gach iarracht an cód seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go tuisceanach chomh maith le deileáil le h-aon chás a thiofadh os a gcomhair go cóir, coinsiasach ionann. Tabharfaidh an Bord Bainistíochta tacaíocht don Phríomhoide, múinteoirí, tuismitheoirí/ caomhnóirí na scoile maidir le feidhmiú an chóid.

An gaol le spioraid sainiúil na scoile:

Tuigeann an scoil gur cuid an-tábhachtach den chód iompair an dearcadh dearfach a bhíonn le feiceáil go laethúil ón bPríomhoide, múinteoirí, tuismitheoirí/ caomhnóirí agus na scoláirí. Teastaíonn uainn go mbeadh an dea-shampla agus dea-iompar á chothú go leanúnach agus go dtabharfar aitheantas agus moladh don ndea-iompar nuair a bhíonn sé le feiceáil. Ní foláir dúinn go léir, go háirithe múinteoirí na scoile, a chinntiú go léireofar árdmholadh don leanbh, nuair is cóir. Déanfar leanaí a mholadh de bharr an dea-ghníomh a dhéanann siad, an dea-iompar a mhaireann siad nó dea shampla a thugann siad.

Is féidir an moladh a thabhairt m.sh.

- Focal ciúin, príobháideach molta
- Dea-iompar a chlárú sa dialann nó sa bhfoirm iompair
- Moladh a fháil ó mhúinteoirí eile/ ón bpríomhoide srl
- Aitheantas poiblí a thabhairt don leanbh
- Marcanna molta/ réaltaí srl a thabh
- Duais a bhronnadh ar an rang de bharr dea-iompair

Aidhmeanna

- A chinntiú go gcuirtear timpeallacht oideachasúil ar fáil, bunaithe ar thionchar ár ráiteas físe
- A chur ar chumas na scoile feidhmiú i slí tuisceanach, coinsiasach ionas gur féidir le leanaí dul chun cinn a dhéanamh i ngach gné dá bhforbartha
- Atmaisféar a chruthú ina bhfuil meas agus tuiscint againn ar a chéile agus ina nglactar le daoine agus go dtugtar aitheantas do dhínit gach duine

- Iompar dearfach agus féinsmacht a chothú, ag tabhairt aird ar na difríochtaí idir leanaí agus an gá atá le freastal ar na difríochtaí sin
- Sábháilteacht agus dea-mhothúcháin gach ball den phobal scoile a aithint agus a chinntiú
- Soiléiriú a dhéanamh ar an gcaighdeán iompair a bhíonn á lorg againn sa scoil
- Na nósanna imeachta a bheidh le leanúint sula bhféadfar mac léinn a chur ar fionraí nó a dhíbirt as an scoil a léiriú
- Cabhrú le tuismitheoirí agus daltaí tuiscint a fháil ar na córais agus na nósanna imeachta atá mar chuid den chód iompair agus a gcomhoibriú a lorg agus na nósanna imeachta sin á gcur i bhfeidhm
- A chinntiú go gcuirtear an córas rialacha, duaiseanna agus smachtbhannaí i bhfeidhm ar bhealach cothrom agus comhleanúnach ar fud na scoile

1. Treoirínte faoi iompar sa scoil

Luann an tAcht Oideachais (Leas), Alt 23 go sonrúidh an cód iompair “*Na caighdeáin iompair a bheidh le hurrámu ag gach mac léinn atá ag freastal ar an scoil*”.

Teastaíonn ón scoil árdchaighdeán iompair a chur chun cinn sa scoil agus beifear ag súil le tacaíocht ó dhaltaí, múinteoirí, bainistíocht agus tuismitheoirí, sin pobal na scoile.

- Táthar ag tnúth le dea-iompar ó gach dalta agus go léireoidh gach dalta meas ar leanaí eile agus ar dhaoine fásta
- Táthar ag tnúth leis go léireoidh gach dalta meas ar mhaoín na scoile, maoin leanaí eile agus ar a maoin féin
- Táthar ag tnúth leis go bhfreastalóidh gach dalta ar an scoil ar bhonn rialta agus go mbeidh siad ann in am
- Táthar ag tnúth leis go ndéanfaidh gach dalta a d(h)ícheall ar scoil agus san obair bhaile.
- Táthar ag tnúth go mbeidh gach leanbh éifeachtach, cabhrach lena chéile agus le gach ball den phobal scoile le go mbeadh atmaisféar taitneamhach, measúil le sonrú sa scoil.

Luann Alt 23(4) den Acht freisin, go ndéanfaidh príomhoide, sula gcláróidh sé leanbh mar mhac léinn sa scoil, cóip den chód iompair i leith na scoile a chur ar fáil do thuismitheoirí an linbh sin agus glacfar leis *go ndéanfaidh siad gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an leanbh an cód sin.*

2. Cur chuige na scoile uile maidir le hiompar dearfach a chur chun cinn

Creideann an scoil sa tábhacht a bhaineann le cur chuige scoile uile chun iompar dearfach a chur chun cinn agus tá polasaithe i bhfeidhm sa scoil chun é seo a chinntiú.

‘Bíonn éiteas na scoile dearfach, bunaithe ar árd chaighdeán caidrimh a fhorbairt tríd an scoil, idir an pobal agus ar na slí ina gcaitheann daltaí agus múinteoirí lena chéile. Bíonn an t-éiteas dearfach ann i ngníomhaíochtaí agus imeachtaí uile na scoile agus cabhraíonn sé le mothú láidir de chomhtháthú sóisialta a chothú sa scoil’ (Imlitir 20/90).

An Fhoireann

Inár scoil, caithimid leis na leanaí uile le meas agus dínit. Seo rud atá lárnach inár scoil. Tá mothú láidir pobail agus comhoibriú i measc na foirne, na leanaí agus na dtuismitheoirí agus aontaíonn gach duine go bhfuil a n-aire dírithe ar chothú an iompair dhearfaigh agus ar aitheantas a thabhairt don iompar sin... 'Tá sé tábhachtach go nglacann an fhoireann uile leis an mbeartas.' (Imlitir 20/90).

Úsáidtear curaclam OSPS na scoile chun tacaíocht a thabhairt don chód iompair. An aidhm atá aige ná cabhrú lenár leanaí scileanna cumarsáide, slite oiriúnacha idirghníomhaíochta agus iompair agus scileanna um réiteach coimhlintí a fhorbairt. Déanann sé iarracht freisin féinmheas a chothú agus cabhrú le leanaí glacadh le difríochtaí agus saoránacht a fhorbairt trí m.sh. Am Ciorcail, Am Bolgáide, dualgais a dháileadh ar leanaí, freagracht a thabhairt do leanaí agus de réir mar a fhásann siad, a bheith gníomhach ag maoirseacht a n-iompar féin. Tá roinnt múinteoirí taréis páirt a ghlacadh sa traenáil do "Friend for Life" I 2016/2017 agus seo scéim a bheidh in úsáid as seo amach sa scoil.

Cuireann an príomhoide agus an fhoireann teagaisc béim an-láidir ar thábhacht an chomhoibrithe agus ar dhearfacht an phobail maidir leis an ndea iompar a chur chun cinn agus áit lárnach a thabhairt do dhínit gach duine atá ag feidhmiú sa scoil.

An Bord Bainistíochta

'Tá ról ag an mBord Bainistíochta maidir le caighdeáin inmholta iompair i scoil a chothabháil. Ba chóir dó tacú leis an bPríomhoide agus cód cóir iompair agus smacht á chur i bhfeidhm sa scoil' (Imlitir 20/90) :

- Déantar comhairliúchán leis an mBord Bainistíochta nuair atá an cód iompair á athbhreithniú, ag cruinniú BoM nó más gá fochoiste a chur i bhfeidhm le féachaint go mion ar an gcóras/ ar an gcód agus a éifeacht a mheas.
- Tacaíonn an Bord Bainistíochta leis an gcód iompair sa scoil ar bhonn leanúnach tré dea thoil a chothú i measc na rannpháirtithe ar fad.
- Tacaíonn an Bord Bainistíochta leis an bhfoireann agus an cód iompair á chur i bhfeidhm e.g. tá an Bord lán-sásta deiseanna oiriúnacha a chur ar fáil, a chabhraíonn le forbairt foirne.
- Na nósanna imeachta atá ann don Bhord Bainistíochta chun déileáil le sáruithe dáiríre iompair a athnuachaint agus athbhreithniú a dhéanamh orthu go rialta.

Tuismitheoirí

'Tá an chuma ar an scéal go léiríonn an fhianaise gurb iad na scoileanna a mbíonn na caidrimh is fearr le tuismitheoirí acu a n-éiríonn leo caighdeáin arda iompair agus smachta a bhaint amach agus a chothabháil.' 'Teastaíonn tacaíocht tuismitheoirí ó scoileanna chun ionchais chuí maidir le dea-iompar agus smacht a bhaint amach.' (Imlitir 20/90).

Ag tús na scoilbhliana, eagraítear cruinniú le coiste na dtuismitheoirí agus tosaíonn an comhoibriú idir an fhoireann agus tuismitheoirí. Is athbhreithniú polasaithe is mó a bhíonn ar siúl anois mar go bhfuil formhór na bpolasaithe déanta sa scoil ach cuirtear ina luí orthu gur obair leanúnach don phobal scoile a bhíonn ag teastáil. Bíonn tuismitheoirí bainteach le cruthú agus cur i bhfeidhm an pholasaí seo trí a bheith ina mbaill de choiste ar a bhfuil baill an bhoird bhainistíochta, tuismitheoirí agus foireann teagaisc chun scrúdú a dhéanamh ar dhréachtpholasaí nó chun cód iompair a athbhreithniú.

Scaiptear dréacht de mhór pholasaithe ar thuismitheoirí trí shuíomh idirlín na scoile nó trí an Coiste Cairde i gcomhairle leis an bhfoireann uile, agus tugtar cuireadh do thuismitheoirí moltaí a dhéanamh bunaithe ar an dréachtbpholasaí sin. *(Tabhair faoi deara, is ag an mBord atá an t-údarás deiridh maidir le glacadh le leasaithe nó diúltú dóibh)*

Uaireanta, cuirtear ceistneoir amach tríd an scoil go tuismitheoirí faoi iompar nó obairbhaile, chun dearcadh na dtuismitheoirí a fháil faoin gceist seo.

Tugtar cóip den gcód iompair do thuismitheoirí ag an oíche cláraithe/eolais nó deirtear leo go bhfuil sé le fáil ar an suíomh idirlín scoile.

Tacaíonn tuismitheoirí leis an scoil ó thaobh dea-iompar a chur chun cinn agus caighdeán arda iompair a chothú m.sh..

- Tá siad ar an eolas faoi chóras duaiseanna agus smachtbhannaí na scoile agus comhoibríonn siad leis
- Déanann siad cinnte go mbíonn leanaí ar scoil in am
- Freastalaíonn siad ar chruinnithe ag an scoil má éilítear orthu
- Cabhraíonn siad le leanaí an obair bhaile a dhéanamh agus déanann siad cinnte go bhfuil sí tugtha chun críche acu
- Déanann siad cinnte go mbíonn na leabhair agus na hábhair riachtanacha don scoil ag leanaí
- Síníonn said an dialann scoile go laethúil, chun a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoi cad atá a leanbh ag déanamh ar scoil.

Daltaí

Tá Comhairle na nDaltaí bunaithe sa scoil, le go mbeadh guth ag na leanaí 'sna hádranganna faoi iompar, dea riar srl. Reachtáiltear na cruinnithe seo go téarmúil de ghnáth ach más gá, beidh siad ar siúl níos minicí.

Tá ról lárnach ag daltaí na scoile seo maidir le cur i bhfeidhm leanúnach an chóid iompair msh.

- Rialacha don seomra ranga a dhréachtú
- Bheith rannpháirteach i dtionóil
- Oibriú le Comhairle Daltaí
- Córais chairde
- Maoirseacht agus imirt le leanaí óga
- Dea shampla san iompar a éileamh

Tugtar deiseanna do dhaltaí monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcód iompair ag na cruinnithe leanúnacha do Chomhairle na nDaltaí.

3. Straitéisí dearfacha chun iompar a bhainistiú

'Is é an mhodheolaíocht is éifeachtaí a fhorbraíonn múinteoirí agus iad ag iarraidh iompar dúshlánach a bhainistiú, ná bac a chur ar an iompar sin roimh ré'. (Ag Bainistiú Iompar Dúshlánach, Treoirínite do mhúinteoirí INTO 2004: 5).

An Seomra Ranga

Seo a leanas samplaí de roinnt straitéisí dearfacha a bhaintear úsáid astu sa scoil, chun iompar sa seomra ranga a bhainistiú go héifeachtach. msh.

- "Bunrialacha"/iompar a mb'fheifear ag tnúth leis, i ngach rang a théann leis an éiteas a luaitear sa chód iompair agus a chruthaíonn timpeallacht dhearfach don fhoghlaim.
- Ionchur a bheith ag na daltaí agus na rialacha ranga á gcur le chéile.
- Déanann múinteoirí deimhin de go dtuigeann daltaí an t-iompar a éilítear orthu agus cuirtear é sin i gcuimhne dóibh go minic
- Córas soiléir chun aitheantas a thabhairt don dea-iompar agus chun duais a thabhairt mar thoradh air, agus chun smachtbhannaí a chur i bhfeidhm mar fhreagra ar dhrochiompar
- Teicnící bainistíochta seomra ranga a dhéanann cinnte go mbaintear úsáid as gníomhaíochtaí agus modheolaíochtaí éagsúla chun suim agus inspreagadh na ndaltaí a chothú
- Clár Ama oiriúnach agus suimiúil.

Cló(i)s Súgartha

Luaitear na straitéisí dearfacha a bhaintear úsáid astu chun dea-iompar a chur chun cinn, chun cosc a chur ar dheacrachtaí iompair agus chun déileáil le hiompar doghlactha m.sh.

- Rialacha soiléire don chlós súgartha a leagann béim ar an ndea-iompar agus a dhéanann soiléir cé na gníomhaíochtaí a cheadaítear sa chlós. Cuirtear iad sin in iúl don fhoireann agus do na daltaí go rialta agus déantar iad a phlé leis an bhfoireann ag na cruinnithe foirne.
- Bíonn beirt nó triúr múinteoirí ag maoirseacht sa chlós ag gach sos agus labhraítear leis na múinteoirí faoin bhféitheoireachta sa chlós
- Má tá gá le feitheoireacht níos mó a dhéanamh ar iompar aoisghrúpaí ar leith, limistéir ar leith sa chlós súgartha, daltaí aonair áirithe eagraítear é sin freisin ach taimid sásta leis an scéal mar atá faoi láthair. Tá radharc ar na leanaí go léir sa chlós
- Déantar gníomhaíochtaí a eagrú ar bhealach a laghdóidh an drochiompar – cluichí deartha ar an dtalamh agus cluichí le liathróidí m.sh cispheil. (ranganna áirithe de réir an chlár ama ata déanta amach dóibh)
- Féadtar smaoineamh ar chluichí don chlós súgartha a theagasc do leanaí, agus iad curtha in oiriúint do leibhéal ranga éagsúla
- Tá ranna difriúla sa chlós súgartha, ag cur áit ar leataobh d'aoisghrúpaí ar leith, do ghníomhaíochtaí ciúine etc.
- Ar laethanta fliucha, fanann na leanaí ina seomra ranga féin agus bíonn siad ag imirt cluichí difriúla m.sh. míreanna mearaí, cártaí, cluichí boird srl
- Siúlann an múinteoir ranga amach sa chlós leis na daltaí, os comhair na líne agus iad ag dul go dtí an clós súgartha agus ag teacht ar ais uaidh.
- Tá socrú déanta chun feitheoireacht a dhéanamh ar leanaí a fhágann an clós súgartha chun na leithris a úsáid agus ar leanaí a fhanann laistigh toisc go bhfuil siad breoite. (Féach polasaí féitheoireachta)
- Is iad na nósanna imeachta atá againn chun drochiompar a bhainistiú ná m.sh. Leabhar Clóis/ Leabhar Eachtaí - tuairisciú don mhúinteoir ranga, pribhléidí a tharraingt siar...(féach thíos)
- Coimeádann an fhoireann cúntais ar dhrochiompar nuair a bhíonn siad ag déanamh féitheoireachta. Scríobhann an múinteoir a bhíonn ag féitheoireacht sa chlós cuntas gearr ach soiléir, i Leabhar na nEachtraí agus cuireann sí an múinteoir ranga ar an eolas láithreach. Más gá, má tá an mhí-iompar dáinséarach, leanúnach, gránna, eachtra bulaíochta srl, cuirtear an príomhoide ar an eolas ar an lá freisin.

Limistéir eile sa scoil

Tá straitéisí dearfacha curtha i bhfeidhm sa scoil ag an bhfoireann chun cosc a chur ar fhadhbanna iompair i siúltáin, hallaí, seomraí cótaí, leithris srl. Cuirtear na rialacha scoile in iúl do leanaí go rialta ag an tionól, sa rang srl. Cuirtear i gcuimhne dóibh iad go rialta, go háirithe ag tús na bliana agus ag tús téarmaí.

4. Duaiseanna agus Smachtbhannaí

Duaiseanna agus aitheantas tugtha do dhea-iompar

- Déantar gach iarracht an dea-iompar a cheiliúradh agus aitheantas a thabhairt don ndea-iompar /aitheantas d'éacht ar leith ag an tionól, sa rang, bronnadh gradaim ag deireadh na bliana...
- Tugtar duaiseanna oiriúnacha faoi leith ag leibhéal ranga áirithe m.sh obair bhaile saor
- Déanaimid iarracht an 'dea-scéal' a scaipeadh ar phobal na scoile agus iarrtar ar mhúinteoirí agus éinne a bhíonn ag plé go rialta leis na leanaí gan a bheith ag caint go diúltach fúthu sa seomra foirne srl

- “Mol an óige” an manna ata againn agus creidiíid gur fíor an ráiteas seo “Mol an óige, is tiocfaidh sí. Cáin an óige is titifidh sí”. Déanfar gach iarracht a chinntiú nach ndéanfaimid aon rud, mar fhoireann a dhéanann dearúd ar an dara cuid den ráiteas! Bímís dearfach!

Straitéisí chun déileáil le hiompar doghlactha

Tugtar leid ar conas a rangáítear iompar sa scoil i.e. eiseamláirí d'oilghníomhartha beaga, dáiríre nó garbha, le tuiscint nach féidir liosta iomlán d'oilghníomhartha a chur ar fáil. Féachann na múinteoirí agus an Príomhoide ar leibheál an oilghnímh, is é sin beag, dáiríre nó garbh, trí úsáid a bhaint as cur chuige ciallmhar ag féachaint do dháiríreacht /minicíocht na n-oilghníomhartha sin.

Is é is cuspóir don smachtbhanna ná go bhfoghlaimeoidh an dalta uaidh agus cabhrú leis an dalta a bheith freagrach as a n-iompar

Seo a leanas samplaí de na straitéisí a úsáidtear chun freagairt do dhrochiompar. Pléann an fhoireann iomlán/ foireann bainistíochta cad iad na smachtbhannaí a úsáidfear, bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúil agus ar eolas ar chomthéasc ar leith an dalta agus an iompair

Réasúnaíocht a dhéanamh le daltaí

Labhairt le leanbh, lena n-áirítear comhairle ar conas feabhas a chur orthu féin

Leanaí a dheighilt óna chéile go sealadach, iad a scarúint ó phiaraí, ó chairde nó eile sa seomra, halla nó sa chlós

Cailliúint pribhléidí

Obair bhreise a thabhairt dóibh le déanamh

Iad a chur chuig an Leas Phríomhoide nó Príomhoide

Cumarsáid dearfach a fhorbairt le tuismitheoirí

Fionraíocht (Féach Alt 5 ar Fhionraíocht)

Seo samplaí do Smachtbhannaí Mí-Oiriúnach

Bagairt pionós fisiceach

Magadh, tarcaisne nó focail ghéara a dhéanadh damáiste d'fhéinmhúinín an dalta

Náiriú poiblí

Ag cur smachtbhannaí i bhfeidhm ar ghrúpa nó an rang iomlán i gcásanna a bhaineann le heagóir duine nó grúpa beag

Dalta le Riachtanais Speisialta Oideachais

Is féidir go mbeadh smachtbhannaí de dhíth chun cabhrú le daltaí le riachtanais oideachais speisialta foghlaim faoi iompar oiriúnach agus faoi scileanna, díreach mar a bheadh ag aon dalta. Ba cheart don mhúinteoir a bheith cúramach go gcabhraíonn said leis an dalta le riachtanais speisialta aidhm an smachtbhanna a thuiscint go soiléir agus an fáth a bhfuil a n-iompar do-ghlactha.

Baintear úsáid as cur chuige céimnithe m.sh. ar dtús ba cheart don mhúinteoir ranga déileáil leis an drochiompar trí fholáireamh agus/nó comhairle a thabhairt, ach má tá sé dáiríre nó má tharlaíonn sé go rialta, d'fhéadfaí teagmháil a dhéanamh leis na tuismitheoirí. Déantar teagmháil leis an bpríomhoide go luath sa scéal agus cuirtear ar an eolas í. Ní gá go mbeadh sé gníomhach san eachtra ag an am seo ach go mbeadh an t-eolas aici.

Nuair a bhíonn cás dáiríre ann, iarrtar ar an mBord Bainistíochta páirt a ghlacadh.

Déantar plé go mion ar smachtbhannaí/ aitheantaisí srl i rith na bliana agus déanann gach ball den fhoireann cinnte go mbíonn leanúnachas ann maidir le cur i bhfeidhm na smachtbhannaí.

Tuismitheoirí a bheith rannpháirteach i mbainistiú an drochiompair

Nuair is cúis imní í iompar dalta, déantar teagmháil le tuismitheoirí an dalta, is cuma an bhfuil múinteoirí taréis labhairt leo roimhe sin nó nach bhfuil, an bhfuil fianaise ann nó nach bhfuil, má cheaptar go bhfuil an t-iompar mí-oiriúnach dáinséarach, **caithfear beart a dhéanamh láithreach.**

- Déantar teagmháil le tuismitheoirí.
- Is í/é an múinteoir ranga a dhéanann teagmháil le tuismitheoirí ar dtús de ghnáth ach uaireanta, má bhíonn an mí-iompar chomh holc sin, is féidir leis an bpríomhoide an teagmháil a dhéanamh.
- Nuair a thugtar cuireadh do thuismitheoirí teacht chuig an scoil, labharaítear leo go proifisiúnta agus mínítear dóibh faoin eachtra a thárla. Ní bhíonn an chaint seo déanta ag cur mílleán ar éinne, ach chun bunús comhoibritheach a chothú. Bíonn an teanga agus tuin tuisceanach ach ní bhíonn aon dul amú ann faoin cé chomh dáiríre is atá an t-eachtra/an gníomh. De ghnáth, is é/í an múinteoir ranga a bhíonn ag caint le tuismitheoirí, ach uaireanta bíonn an príomhoide nó múinteoirí bainteacha eile i láthair.
- Uaireanta, bíonn an leanbh ann ar feadh cuid den chruinniú
- Moltar go rialta do thuismitheoirí teagmháil a dhéanamh leis an scoil má tá siad imníoch faoi h-aon rud a bhaineann le h-oideachas a linbh nó a s(h)aol scoile.
- Is féidir le tuismitheoirí gaoch a dhéanamh ar an scoil agus am a shocrú le bualadh leis an múinteoir. Bíonn múinteoirí na scoile seo sásta bualadh le tuismitheoirí ach coinne a bheith déanta acu roimhré. Cuirtear na nósanna imeachta seo in iúl do thuismitheoirí ag tús na bliana agus iarrtar orthu teagmháil leis an scoil go luath agus gan a bheith ag fanacht. Go minic, is fearr deileáil le haon fhadhb ina thús seachas a bheith ag fanacht go mbíonn rud mór déanta do.

Iompar ionsaitheach nó foréigneach a bhainistiú

Is fíor annamh a thárlaíonn sé seo sa scoil, ach thárla sé agus mar sin caithfear a bheith réidh agus na straitéisí a bheith aonataithe a bheidh in úsáid chun deileáil le fadhbanna dáiríre mothúchána agus iompair:

- Leanaí atá suaite go mothúnach a chur láithreach le haghaidh measúnú síceolaíoch.
- Le cabhair an Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais, lorgaítear tacaíocht chuí ó na seirbhísí atá ar fáil m.sh. Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte, Síceolaí Scoile, NEPS, Marian House srl...
- Cuirtear pearsanra Oideachais Speisialta san áireamh, chun cabhrú le múinteoirí trí chleachtas agus tacaíocht a thabhairt maidir le bainistíocht an iompair dhúshlánach a roinnt más gá.
- Uaireanta, feidhmíonn múinteoirí ar leith mar mheantóirí do leanaí a mbíonn gá acu le cabhair ar leith nó uaireanta eile, bíonn an chabhair ag teastáil ó na múinteoirí eile agus pleananna iompair aonair do leanaí sonracha á gcruthú.
- Tá córas meantóireachta ann do mhúinteoirí nua-cháilithe chun tacú leo sa réimse seo agus go deimhin, i réimsí eile.

Má bhíonn baol don dalta féin nó do shábháilteacht na ndaltaí eile nó na foirne, de bharr iompar foréigneach nó bagrach, tógtar an leanbh amach as an slí láithreach - eisiámh sealadach (temporary exclusion) fad agus a dhéantar comhairliúchán le SENO agus/nó EWO faoi acmhainní cuí, socruithe eile. Uaireanta, iarrtar –

ar thuismitheoirí an leanbh a thógáil as an scoil don lá, don tseachtain srl ar mhúinteoirí tacaíochta a bheith ar fáil le cabhair a thabhairt, mar is gá ar cuntaí riachtanais speisialta a úsáid le cabhrú le leanaí

ar an bpríomhoide an bád a stiúradh le go mbeadh déa scéal ann maidir le hiompar na leanaí.

5. Nósanna Imeachta Fionraíochta/Díbeartha

Fionraíocht

Cuirfidh an príomhoide an t-oifigeach leasa oideachais ar an eolas i scríbhinn más rud é go gcuirfear mac léinn ar fionraí ó scoil aitheanta ar feadh tréimhse nach giorra ná 6 lá. (Alt 21(4)a)

Luann Imlitir 20/90 *'Ba chóir tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin gceart atá acu teacht ag an scoil agus ba chóir cuireadh a thabhairt dóibh teacht chun an drochiompar a phlé leis an bPríomhoide agus/nó an múinteoir ranga. Ba chóir é sin a dhéanamh i gcónaí nuair atáthar ag déanamh machnamh ar dhalta a chur ar fionraí.'*

Seo an nós imeachta scoile maidir le fionraíocht agus díbirt.

Tá an Príomhoide nó an Cathaoirleach údaraithe ag an mBord Bainistíochta le dalta a chur ar fionraí ón scoil ar feadh uastréimhse thosaigh de thrí lá scoile? (Riail 130, Alt 5, Rialacha do Bhunscoileanna)

Déantar deimhin de go gcuirtear dalta ar fionraí ar bhealach féarálte...

- Baintear úsáid as gach bealach eile chun déileáil leis an iompar sula gcuirfear leanbh ar fionraí ach ar ndóigh i gcás mór eachtra drochiompair, ní bhíonn aon rogha
- Uaireanta, bíonn teagmháil déanta leis na tuismitheoirí maidir leis an drochiompar cheana féin
- Tugtar cuireadh do thuismitheoirí teacht chuig an scoil chun an fhionraíocht a phlé
- Tártaíonn imscrúdú cothrom, ag cur san áireamh tuairim thuismitheoirí agus daltaí
- Nuair a bhíonn an chosúlacht ar an scéal go ndéanfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh dalta a eisiáimh, déanfar an cinneadh ar bhealach nach bhfuil claonta agus le coinsias glan. *c/f NEWB Treoirínite i dtreo Cóid Iompair i Scoileanna a Fhorbairt*
- Dá mbeadh dalta á chur ar fionraí, líonfar isteach an fhoirm á chur sin in íúl agus déantar feitheoireacht ar an leanbh go dtí go mbailíonn tuismitheoir(í) é/í
- Éilítear ar dhalta, tuismitheoir(í) agus baill foirne nuair atá an tréimhse fhionraíochta thart, deileáil leis an leanbh go tuisceanach, coinsiasach. Nuair atá an tréimhse fhionraíochta thart, ní áireofar an leanbh ar fhilleadh dó/dí.
- Má táthar ag iarraidh dalta a chur ar fionraí ar feadh tréimhse níos mó ná trí lá, bíonn gá le cinneadh speisialta ón mBord Bainistíochta. Tugtar deis do thuismitheoirí / múinteoirí labhairt leis an mBord sula ndéantar an cinneadh
- Más tréimhse nach giorra ná sé lá atá i gceist, úsáidtear foirm chaighdeánach chun an tOifigeach Leasa Oideachais a chur ar an eolas

Díbirt (eisiáimh buan)

Faoin Acht Oideachais (Leas), 2000, *'Ní dhéanfar mac léinn a dhíbirt as scoil sula mbeidh 20 lá scoile caite tar éis d'oifigeach leasa oideachais fógra a fháil faoin alt seo.'* (Alt 24(4)). Tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta *'...pé bearta réasúnacha eile is cuí leis a dhéanamh chun a chinntiú go gcoinneofar dea-ord agus smacht sa scoil lena mbaineann an dalta agus go n-áiritheofar sábháilteacht na mac léinn.'* (Alt 24(5))

Achomhairc

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais, 1998, féadfaidh tuismitheoirí (nó mic léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe acu) achomharc a dhéanamh chun Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta in aghaidh roinnt cinntí an Bhoird Bhainistíochta, lena n-áirítear

(1) eisiámh buan ó scoil

(2) fionraíocht ar feadh tréimhse a chiallóidh go mbeadh tréimhse fionraíochta iomlán de 20 lá scoile nó níos mó in aon scoilbhliain amháin slánaithe ag dalta.

Mar sin, cuirtear tuismitheoirí ar an eolas faoin gceart achomhairc má shocraítear dalta a chur ar fionraí nó a eisiámh go buan ón scoil. Ba cheart achomhairc a dhéanamh laistigh de 42 lá féilire ón dáta a cuireadh an tuismitheoir nó an dalta ar an eolas faoi chinneadh na scoile. (Féach Imlitir 22/02)

Cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoin gceart atá acu achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh an Bhoird Bhainistíochta maidir le fionraíocht nó díbirt, sa pholasáí seo nuair a thugtar amach é.

Ullmhaíonn an Bord Bainistíochta (le cabhair/treoir ó mhúinteoirí) freagra má agus nuair atá achomharc á iniúchadh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. (Alt 12, Ciorclán 22/02 – Achomharc a Phróiseáil)

6. Taifead a Choinneáil

Ag dul le polasaí na scoile ar Choimeád Cúntas, agus reachtaíocht um chosaint sonraí, coimeádtar cuntas ar iompair dhaltaí. Scríobhtar cuntais ar shlí a thugann an t-eolas scríofa i slí neamhchlaonta dúinn.

Leibhéal ranga

- o Iarrtar ar gach múinteoir cuntas leanúnach a choimeád ar eachtraí iompair. Nílimid ag súil go mbeidh gach aon rud scríofa ach go mbeidh pictiúir le fáil ó na cuntais den iompar trodach srl atá á phlé. Tá struchtúr caighdeánach ag na cuntais seo sa rang agus sa chlós. Ba chóir taifeadadh a dhéanamh ar rudaí dearfacha i dteannta na rudaí diúltacha nuair atá sé sin oiriúnach.
- o Ba chóir drochiompar dáiríre a thuairisciú don phríomhoide chomh luath agus a thárlaíonn sé. Ní dhéanfar aon mhoill ag an am seo. (Imlitir 20/90)
- o Déantar gach iarracht na tuairiscí dheireadh na bliana a bheith dearfach agus muna bhfuil fiúntas tagairt don iompar ní dhéantar é. Ba chóir go mbeadh scéal ag an tuismitheoirí i bhfad roimhe sin faoi iompar a linbh. Tá tuiscint réasunta ciallmhar ag baill na foirne ar a gciallaíonn iompar iontach - drochiompar sa scoil seo. Coimeádtar tuismitheoirí suas chun dáta i rith na bliana maidir le saincheisteanna iompair a leanaí. Is obair leanúnach é seo agus léiríonn sé seo an tábhacht atá sa scoil leis an ngaol dearfach, leanúnach atá idir an scoil agus an baile.

Taifid/Cúntais scoile

- o Coimeádann an múinteoir cuntas ar aon mhí-iompar sa rang/ sa chlós nó pé áit a fheiceann siad iad. Oibríonn gach éinne mar bhall d'fhoireann lena chinntiú go bhfuilimid ag feidhmiú mar aonad sa scoil seo. Bíonn na cuntais ar fáil sa Leabhar Eachtraí scoile nó i gcuntas an mhúinteora. Bainistíonn gach oide nuashonrú agus stóráiltear na taifead sin i gcód an linbh, go deireadh na bliana, ar a laghad.
- o Coimeádtar nótaí ó thuismitheoirí, cumarsáid idir an scoil agus baile, le heagrais sheachtracha srl i gcód an linbh.
- o Coimeádtar tuairiscí srl i gcomhad an linbh sa seomra stórais
- o Déantar na treoracha ó shaineolaithe a leanúint agus glactar le comhairle agus moltaí ó shicelaithe srl le cabhrú le caighdeán iompair a fheabhsú, más oiriúnach.
- o Coimeádann an Bord Bain. cáipéisí a bhaineann le hachomhairc faoi Alt 29

7. Nósanna imeachta chun fógra a thabhairt go mbeidh dalta as láthair ón scoil

Sonraíonn Alt 18 go gcaitheann tuismitheoirí an scoil a chur ar an eolas faoi neamhláithreachtaí dalta agus cúis na neamhláithreachta sin.

Úsáidtear na straitéisí thíos chun tinreamh scoile a spreagadh

- Timpeallacht scoile spreagúil agus tarraingteach a chruthú
- Córas chun tinreamh maith nó feabhsaithe a aithint/ chun duais a thabhairt mar thoradh air
- Ábhair an churaclaim agus modheolaíochtaí a oiriúnú chun an bhaint a bhíonn acu le daltaí a neartú
- Clár ama ranga agus scoile a athrú chun é a dhéanamh níos tarraingte freastal ar scoil agus a bheith ann in am
- Tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi théarmaí an Achta Oideachais (Leas) agus na himpleachtaí lena mbaineann.

Tugann tuismitheoirí na scoile seo, lán-tacaíocht maidir le nótaí a sheoladh chuig na scoile maidir le hasláithreachtaí. Cuireann formhór na dtuismitheoirí míniú ar fháil ar asláithreachtaí daltaí, le glaoch gutháin nó le nóta. Ar fhilleadh ar scoil don leanbh, cuireann tuismitheoirí/ caomhnóirí nóta isteach ag cur múinteoirí ar an eolas i scríbhinn faoi asláithreachtaí a linbh sa scoil agus cúis na hasláithreachta sin. Bíonn síniú agus dáta ar an nóta sin. Coimeádtar na nótaí sin go deireadh na bliana sa leabhar rolla.

8. Tagairt do Pholasaithe eile

Seo iad na beartais scoile eile a mbíonn tionchar acu ar an gcód iompair m.sh.

- Plean OSPA
- Frithbhulaíocht
- Clárú
- Cúntas a Choiméad
- Naisc Bhaile/Scoile
- Sláinte & Sábháilteacht
- Comhionannas
- Riachtanais Speisialta Oideachais

Critéir Rathúlachta

- *Iompar dearfach le tabhairt faoi ndeara i seomraí ranga, sa chlós súgartha, ar thurasanna agus sa timpeallacht scoile*
- *Cleachtas agus nósanna imeachta a luaitear sa pholasaí seo curtha i bhfeidhm go leanúnach ag múinteoirí*
- *Aiseolas dearfach ó mhúinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí*
- *Dea-iompar le feiceáil sa timpeallacht scoile*
- *Daoine sásta le héifeacht an pholasaí seo.*

Róil agus Freagrachtaí

Tá freagracht ar gach aon bhall den phobal scoile lena chinntiú go mbíonn an pholasaí seo ag feidhmiú go hoiriúnach agus go héifeachtach. Tá gá lena alán comhoibriú chun go mbeadh sé ag feidhmiú le tuiscint inár scoil. Déanfar monatóireacht leanúnach ar an bplean agus ag tús na scoilbhliana déanfar deimhin de go bhfuil aon athraithe is gá déanta air. Tá dea-riar an pholasaí seo ag brath orainn go léir comhoibriú le chéile ar son leasa an linbh inár scoil agus beidh árd chaighdeán dea-thoil ag teastáil. Cuirfear béim ar a bheith dearfach ag cur an polasaí i bhfeidhm. Tá ról lárnach ag an bpríomhoide maidir leis an bpolasaí seo, mar caithfidh sí meon aigne dearfach a bheith aige maidir le hiompar ach ag an am gcéanna soiléiriú a thabhairt faoin iompar a bheifear ag súil leis sa scoil. Beidh an príomhoide ag feidhmiú sa slabhra, ina bhfuil na múinteoirí, tuismitheoirí agus na

daltaí ar fad ag dul an treo céanna. Tuigimid go léir go mbíonn an múineadh níos fearr in áit go bhfuil dea-iompar ann agus in áit go bhfuil meas ar dhínt an duine.

Clár ama don Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar fheidhmiú an pholasaí seo gach dara bliain nó agus, más gá, déanfar leasaithe mar a bhíonn gá leo.

Ba chóir beartais iompair scoileanna a chur in iúl go soiléir agus go hiomlán do thuismitheoirí' (Imlitir 20/90). Déanfar socraithe leis an bpolasaí seo a scaipeadh agus ansin a chur ar an suíomh scoile.

Aguisín I: Athbhreithniú ar chleachtas/pholasaí reatha

Is é seo a leanas bunchloch an pholasaí iompair sa scoil:

'Is fachtóir ríthábhachtach é éiteas nó atmaisféar scoile agus caighdeán arda iompair agus smachta á mbunú agus á gcothabháil. Beidh gá le mothú láidir pobail laistigh den scoil agus leibhéal ard comhoibriúcháin idir baill foirne, agus idir an fhoireann, daltaí, bainistíocht agus tuismitheoirí.' (Ciorclán 20/90).

Síniú: _Colm ó Ruairc 10/12/2018

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta.